Léig dod bhaois, a bhean an sgatháin

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 44]

Do mhnaoi éigin

1 Léig dod bhaois a bhean an sgatháin
sguir don cheird do chuiris ród
isligh t'uaill a fhéata fhinn-gheal
féaca an uaigh a inghean óg.

2 A chorp áluinn [nach] cóir céadfaidh
réd chlaonadh súl ná bí a bhean
do chuaidh aois do chean tar chuimhne
ná lean baois na suirghe acht seal.

3 Ní fhuil acht cré id chrosaibh órdha
ní fhuil acht cré id chulaidh sróil
féach nach fuil [dá] ghné ar do ghlacaibh
ní fhuil acht cré it hataibh óir.

4 An uair chuirfeas ceard na ndaoine
dath an ghuail ar do ghnúis ghil
an bhrágha [nó] an béal corcra
féagh an grána an sompla sin.

5 Caidhe an t-ucht nó an cíogh coirr-gheal
caidhe an tsúil mhall fa mhór n-uilc
caidhe ciabh na bhfionn-dual bhfíthe
diombhuan sgiamh do chríche a chuirp.

6 Caidhe an bhas nó an trácht tana
nó an taobh aoibh-gheal mar uan tonn
bíodh t'aire ar an uaigh a bhréig-bhean
caidhe an ghruaidh nó an déid-gheal donn.

7 Caidhe tarbha na gcorn gcomhdaigh
caidhe an sról do chinn fad chorp
féach an cré mar soin na séada
ní fhoil acht gné an éaga ort.

8 Ní tú a-mháin do mheall an saoghal
seachnam Ifreann iarram neamh
gidh mór gcéad tharla mar taoi-se
créad tarbha do bhaoise a bhean.

9 An lá thiocfas triath na n-aingeal
d'agra a chéasda sa chroich dheirg

cia chasfas re crann an tsíosa
an tann lasfas Íosa i bhfeirg.

10 Eagal liom-sa lá na breithe
go mbia Dia mar deir an sdair
sinn ag seilg ar an mbreith mbaoghlaigh
go mbreith dá fheirg fhaobhraigh air.

11 Muire ógh bhus aighne liom-sa
lá tiomsuighthe na dtrí sluagh
guidhe na mná bhus dhíon damh-sa
ó tá mo ghníomh fallsa fuar.

12 Saor me a Mhíchíl a mhaoir m'anma
d'éis a ndéanaim do dhán dheid
ó tá guais mo chean im chionn-sa
neamh i n-ar nduais liom-sa leig. LÉIG